



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## EOLAÍOCHT (SIOLLABAS LEASAITHE) – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 11.30

### TREORACHA

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann dó ar an leathanach seo.
2. Freagair **gach** ceist.
3. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.  
Má tá spás breise uait, tá leathanach bán curtha ar fáil ar chál an leabhráin seo.

### Uimhir an Ionaid

### Scrúduimhir

---

### Don scrúdaitheoir amháin

Roinn/Ceist	Marc
<b>Bitheolaíocht</b>	
<b>C.1 (52)</b>	
<b>C.2 (39)</b>	
<b>C.3 (39)</b>	
<b>Ceimic</b>	
<b>C.4 (52)</b>	
<b>C.5 (39)</b>	
<b>C.6 (39)</b>	
<b>Fisic</b>	
<b>C.7 (52)</b>	
<b>C.8 (39)</b>	
<b>C.9 (39)</b>	
Iomlán (Páipéar) (390)	
Bónas don Ghaeilge	
<b>Móriomlán (Páipéar) (390)</b>	
<b>Obair Chúrsa A (60)</b>	
<b>Obair Chúrsa B (150)</b>	
<b>Móriomlán (600)</b>	
<b>Grád</b>	

## Bitheolaíocht

### Ceist 1

- (a) Sa phictiúr taispeántar píosa de threalamh saotharlainne.  
**Ainmnigh** an píosa trealaímh.

**Ainm** \_\_\_\_\_



(52)

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

Tabhair **úsáid** amháin a bhaintear as an bpíosa trealaímh seo.

**Úsáid** \_\_\_\_\_

- (b) Is cuid d'aiste bia chothromaithe iad próitén agus carbaihiodráit.

Sa tábla ar dheis scríobh an litir **P** in aice le foinse mhaith **próitéine**.

Scríobh an litir **C** in aice le foinse mhaith **carbaihiodráite**.

	<b>Cairéad</b>	
	<b>Cáis</b>	
	<b>Iasc</b>	
	<b>Práta</b>	

- (c) Tá an lipéad **T** ar dhá fhiacail sa léaráid.

Sa tábla ar dheis scríobh an litir **T** in aice leis an gcineál fiacaile a bhfuil an lipéad **T** air.


Scríobh an litir **F** in aice leis **an fheidhm** atá ag an gcineál sin fiacaile.

	<b>Starrfhiacail</b>	
	<b>Cogaint</b>	
	<b>Clárfgiacail</b>	
	<b>Cúlfhiacail</b>	
	<b>Stróiceadh</b>	

- (d) Sa tábla thíos cuir an litir **S** in aice le hainm **orgán a dtugann an cloigeann cosaint dó**.

Scríobh an litir **R** in aice le hainm **orgán a dtugann na heasnacha cosaint dó**.


	<b>Inchinn</b>
	<b>Croí</b>
	<b>Bolg</b>
	<b>Duán</b>



- (e) Sa léaráid taispeántar an **córas giniúna an fhir**.

Sa tábla ar dheis scríobh an litir **A** in aice le hainm na coda lipéadaithe **A**.

Scríobh an litir **B** in aice le hainm na substainte **a tháirgeann B.**



Don scrúdaitheoir amháin  
(1) (2)

- (f) Roghnaigh **veirteabhrach amháin** agus **inveirteabhrach amháin** ó liosta na n-ainmhithe ar dheis.

Inveirteabhrach \_\_\_\_\_


Veirteabhrach \_\_\_\_\_

**SEILIDE  
LUCH  
SIONNACH  
PÉIST TALÚN**

- (g) Ainmnigh na codanna lipéadaithe **A** agus **B** sa léaráid den blhláth.

**Ainm** chuid **A** \_\_\_\_\_

**Ainm** chuid **B** \_\_\_\_\_




- (h) Sa léaráid taispeántar croí an duine.

Gluaiseann ful trí fhuileadáin a nglaotear artairí agus féitheacha orthu.

Sa tábla ar dheis scríobh an litir **A** in aice le hainm na bhfuileadán a iompraíonn ful amach as an gcroí.

Scríobh an litir **T** in aice le hainm na bhfuileadán a iompraíonn ful go dtí an croí.



	<b>Artairí</b>
	<b>Féitheacha</b>

Cén fáth a bhfuil an balla ar **thaobh clé** an chroí **níos tibhe ná** an balla ar an **taobh deas?** \_\_\_\_\_

$$(7 \times 6 + 1 \times 10)$$

**Ceist 2**

- (a) I ngach cás, roghnaigh an chuid cheart de chorp an duine ón liosta ar dheis chun na habairtí seo a leanas a chomhlánú. (12)

Tugann an \_\_\_\_\_ solas **faoi deará**.


Tá an \_\_\_\_\_ ina **orgán eisfeartha** sa duine.

Is é a ghlaoitear ar an struchtúr a dhéantar san áit a dtagann **dhá chnámh le chéile** ná \_\_\_\_\_.

Is é a ghlaoitear ar an bhfiocán **is cúis le gluaiseacht** i gcnámha ceangailte ná \_\_\_\_\_.

- (b) Sa léaráid thíos taispeántar **córas díleá an duine**.

Scrúdaigh an léaráid agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Sa tábla scríobh an litir **A** in aice le hainm **na coda** lipéadaithe **A**.

Scríobh an litir **B** in aice le hainm **na coda** lipéadaithe **B**.

Scríobh an litir **F** in aice le **feidhm** na coda lipéadaithe **B**. (9)

Tá an stéig mhór lipéadaithe **C** sa léaráid.

Luaigh **feidhm amháin atá ag an stéig mhór**. (3)

---



---

Is carbaihiodráit é **snáithín** agus is cuid thábhachtach d'aiste bia chothromaithe é.

Cén **feidhm atá ag an snáithín** mar chuid d'aiste bia chothromaithe? (3)

---

(39)

SÚIL  
ALT  
DUÁN  
MATÁN

Don  
scrúdaitheoir  
amháin


(1) (2)

- (c) I bhfiosrú chun **méid na dé-ocsaíde carbóin** san aer ionanálaithe a chur i gcomparáid leis an méid in aer easanálaithe, leag mac léinn amach an gaireas a thaispeántar thíos. Cuireadh **aoluisce i bpromhadán A** agus **i bpromhadán B**.

**D'ionanálaigh** an mac léinn aer (d'análaigh sé aer isteach) **trí chuid A** de **phromhadán A** chun għluais an t-aer ionanálaithe tríd an aoluisce.

Ansin **d'easanálaigh** an mac léinn aer (d'análaigh sé aer amach) **trí chuid B** de **phromhadán B** chun għluais an t-aer easanálaithe tríd an aoluisce.

(1)	(2)
-----	-----



- (i) Cén tionchar atá ag dé-ocsaíd charbóin ar aoluisce? (6)
- 

**D'ionanálaigh** an mac léinn **trí phromhadán A** agus **d'easanálaigh** an mac léinn **trí phromhadán B** fiche uair.

Ní fhaca an mac léinn **athrú ar bith** ar chuma an aoluisce

**i bpromhadán A**.

Bhí **athrú tagħha** ar chuma an aoluisce **i bpromhadán B**.

- (ii) Cén t-**athrú**, dar leat, a mbeifeá ag súil leis go bhfeicfeadh an mac léinn é **san aoluisce i bpromhadán B?** (3)
- 

- (iii) Cén **chonclúid** ba chóir don mhac léinn a bhaint as an rud a chonaic sé/sí? (3)
-

### Ceist 3

(39)

- (a) Sa léaráid taispeántar planda a fágadh i solas na gréine ar feadh cúpla lá.

Rinneadh tástáil sa tsaotharlann ar chuid den phlanta chun a fháil amach an raibh bia (stáirse) déanta aige.

Freagair na ceisteanna seo a leanas trí úsáid a bhaint as an tábla. (15)

Scríobh an litir **F** in aice le hainm an phróisis trína ndéanann plandaí bia.

Scríobh an litir **P** in aice le hainm na coda sin den phlanta, ina ndéantar an chuid is mó den bhia (stáirse).

Scríobh an litir **C** in aice le hainm na substainte a chuireann dath glas ar phlantaí.

	Clóraifill	
	Bláth	
	Iaidín	
	Duille	
	Litmeas	
	Fótaisintéis	
	Riospráid	

Scríobh an litir **S** in aice le hainm an cheimiceáin a tháirgeann dath gorm dubh nuair a úsáidtear é chun tástáil le haghaidh stáirse.

- (b) Leagadh amach lón áirithe síolta biolair mar a thaispeántar sa léaráid agus fágadh iad ar feadh cúpla lá ag teocht oriúnach chun scrúdú a dhéanamh ar cheann amháin de na tosca atá riachtanach le haghaidh péacadh.

#### Phéac na síolta i bpromhadán B.

Déan staidéar ar an léaráid agus freagair na ceisteanna thíos trí úsáid a bhaint as an tábla.

	Aer	
	Teocht oriúnach	
	Uisce	
	15 °C	
	1 °C	

Scríobh an litir **X** sa tábla in aice leis an toisc atá i láthair in **B**, ach nach bhfuil in **A**, a cheadaigh do na síolta in **B** péacadh. (3)

Cé acu teocht, **1 °C** nó **15 °C**, a mbeadh seans níos fearr ag na síolta péacadh ann?

Scríobh an litir **T** sa tábla in aice le do rogha. (3)

Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)

(c) Is é **Fótatrópacht** an t-ainm a thugtar ar fhreagairt planda do sholas.

(i) **Conas a fhreagraíonn plandaí do sholas?**

(6)

---

---

(ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar an tslí a bhféadfá fiosrú a leagan amach **chun a thaispeáint conas a fhreagraíonn plandaí do sholas.**

Bain úsáid as na ceannteidil thíos.

(12)

Trealamh:

---

---

---

---

---

Nós imeachta:

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Toradh:

---

---

---

---

---

---

---

Léaráid lipéadaithe

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

# Ceimic

## Ceist 4

- (a) Cén t-ainm atá ar an bpíosa trealaimh a thaispeántar ar dheis.

Ainm \_\_\_\_\_

Tabhair **úsáid** amháin a bhaintear as an bpíosa trealaimh seo.

Úsáid \_\_\_\_\_

(52)




Don scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

- (b) Tá dhá phíosa d'earraí gloine  
tarraingthe ar dheis.

Sa tábla scríobh an litir **P**  
faoián líniocht de **phípéad**.

Scríobh an litir **B**  
faoián líniocht de **bhuiréad**.




- (c) Is iad trí staid an ábhair  
ná **solad**, **leacht** agus **gás**.

Sa léaráid taispeántar  
leagan amach na gcáithní  
i dtrí staid an ábhair.

Sa tábla scríobh an litir **S**  
in aice le leagan amach  
na gcáithní i **solad**.

Scríobh an litir **G**  
in aice le leagan amach  
na gcáithní i **ngás**.



- (d) Sa tábla ar dheis cuir an litir **A**  
in aice le hainm  
gach ceann den  
**dá chóimhiotal** sa liosta.

	<b>Alúmanam</b>
	<b>Prás</b>
	<b>Diamant</b>
	<b>Iarann</b>
	<b>Sádar</b>

- (e) Sa tábla ar dheis cuir an litir **W** in aice le hainm gach ceann den **dá dhúil** atá i láthair in **uisce**.

	<b>Carbón</b>
	<b>Hidrigin</b>
	<b>Nítrigin</b>
	<b>Ocsaigin</b>

Don scrúdaitheoir  
amháin  
(1) (2)

- (f) Úsáidtear plaistigh go forleathan chun buidéil, boscaí lóin etc. a dhéanamh. Cé acu ábhar ón liosta ar dheis a ndéantar an chuid is mó de na plaistigh as? \_\_\_\_\_

<b>Alcól</b>
<b>Amhola</b>
<b>Uisce</b>

Tabhair **cúis amháin** a bhfuil plaistigh oiriúnach chun na rudaí thusa a dhéanamh.


---

- (g) Comhlánaigh an abairt seo a leanas thíos trí na focal chearta ón liosta ar dheis a chur isteach.

Tá na \_\_\_\_\_ go léir atá ar eolas,  
ar fáil i liosta sa \_\_\_\_\_.

<b>Adaimh</b>
<b>Dúile</b>
<b>Comhdhúile</b>
<b>Tábla peiriadach</b>

- (h) Sa léaráid taispeántar trí thurgnamh a leagadh amach chun **meirgiú** a fhiosrú. Déan staidéar ar an léaráid agus freagair na ceisteanna thíos.



Cé acu promhadán, **A**, **B** nó **C**, a meirgeoidh na tairní ann? \_\_\_\_\_

Cén fáth a ndéantar an t-uisce i bpromhadán B a **fhiuchadh** agus **a fhuarú** agus ansin **a chlúdach le ciseal ola**?

---

$$(7 \times 6 + 1 \times 10)$$

**Ceist 5**

(39)

- (a) Tá teicníochtaí deighilte an-tábhachtach sa cheimic.

Úsáideadh an gaireas sa léaráid chun uisce farraige a dheighthilt.

Déan staidéar ar an léaráid.

Comhlánaigh an tábla i gceart agus déan na lipéid **A - F** sa léaráid

a mheaitseáil le focail / frásáí sa tábla.

(18)

	<b>Bunsen</b>	
	<b>Uisce fuar isteach</b>	
	<b>Comhdhlúthadán</b>	
	<b>Teirmiméadar</b>	
	<b>Seastán tríchosach</b>	
	<b>Uisce amach go doirteal</b>	

Cén t-ainm a thugtar ar an teicníocht deighilte a thaispeántar sa léaráid thus?


(3)

**Teicníocht** \_\_\_\_\_

- (b) Cén t-ainm a thugtar ar an teicníocht deighilte a thaispeántar sa léaráid ar dheis?

**Ainm** \_\_\_\_\_

Ainmnigh **dhá** shubstaint a d'fhéadfá a dheighthilt trí úsáid a bhaint as an teicníocht seo?



(3)

**Substaintí** \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_ (3)

Don scrúdaitheoir amháin


(1) (2)

- (c) Sa léaráid taispeántar leagan amach ar ghaireas atá oiriúnach le haghaidh **gás dé-ocsaíd charbóin** a ullmhú i saotharlann scoile.

**Ainmnigh** substaintí oiriúnacha **X** agus **Y** ar féidir dé-ocsaíd charbóin a dhéanamh astu. (6)

**X** \_\_\_\_\_


**Y** \_\_\_\_\_



Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) | (2)

Sa léaráid taispeántar próca de ghás **dé-ocsaíd charbóin** agus é á dhoirteadh ar choinneal lasta.  
Múchtar an choinneal (téann sí as).



**Léirítear** sa tástáil seo **dhá airí** atá ag gás dé-ocsaíd charbóin.

**Luaigh** an dá airí seo.

(6)

1 \_\_\_\_\_

2 \_\_\_\_\_

**Ceist 6**

(39)

- (a) Tá focail fágtha ar lár as na habairtí thíos.

Comhlánaigh an tábla ar dheis trí na huimhreacha 1 - 5  
a mheaitseáil i gceart leis na focail sa tábla.

(18)

Tá neodróin agus 1 suite  
**i núicléas** na n-adamh.

Gluaiseann na 2 timpeall  
**lasmuigh de núicléas** na n-adamh.

Níl lucht leictreach ar bith ag  
na 3.

I nascadh 4 comhroinntear  
**díseanna leictreón.**

I nascadh 5 aomtar ian deimhneacha chuit ian dhiúltacha.

	<b>Comhfhiúsach</b>
	<b>Leictreoin</b>
	<b>Ianach</b>
	<b>Neodróin</b>
	<b>Prótóin</b>

- (b) Is foinsí hidreacarbóin iad breoslaí iontaise.

Ainmnigh **dúil amháin** a fhaightear **sna hidreacarbóin go léir.**

(3)

---

Toisc breoslaí iontaise a bheith á ndó, d'fhéadfadh báisteach aigéadach titim.

Tabhair **iarmhaint dhíobhálach** amháin atá ag **báisteach aigéadach.**

(3)

---

Hidreacarbón áirithe amháin is mó a bhíonn sa ghás nádúrtha.

Sa tábla thíos cuir an litir **N** in aice le hainm an gháis seo.

(3)

	<b>Héiliam</b>
	<b>Hidrigin</b>
	<b>Meatán</b>
	<b>Ocsaigin</b>

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

- (c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar an tslí a bhféadfá fiosrú a dhéanamh ar ghnáthshubstaintí simplí sa teach chun a fheiceáil an bhfuil siad **aigéadach, bunata nó neodrach.**

Bain úsáid as na ceannteidil thíos.

(12)

Trealamh agus ceimiceáin: \_\_\_\_\_

---

---

---

Nós imeachta: \_\_\_\_\_

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Toradh: \_\_\_\_\_

---

---

---

---

Léaráid lipéadaithe

# Fisic

**Ceist 7**

(52)

- (a) Úsáidtear aonaid éagsúla chun cainníochtaí fisiciúla éagsúla a thomhas.

Sa tábla ar dheis scríobh an litir **L** in aice le haonad an **fhaid**.


Scríobh an litir **W** in aice le haonad an **mheáchain**.

	Méadar
	Niútan
	Giúl

- (b) Sa léaráid taispeántar plocóid trí phionna agus a cún bainte.

Sa tábla thíos scríobh an litir **X** in aice le **hainm na sreinge** lipéadaithe **X** sa léaráid.

Scríobh an litir **C** in aice le **dath an insliúcháin** ar an tsreang lipéadaithe **Y**.

Talmhú	
Beo	
Neodrach	
Donn	
Gorm	

- (c) Is é an luas atá faoi gluaisteán ná  $15 \text{ m s}^{-1}$ .


Sa tábla scríobh an litir **D** in aice leis an **bhfad** a thaistealóidh an gluaisteán i 5 soicind.

Scríobh an litir **F** in aice leis an bhfocal a dhéanann cur síos ar an rud a tharlaíonn nuair a **mhéadaítear luas an gluaisteáin**.

3 m	
75 m	
Luasghéarú	
Fórsa	

- (d) Sainaithin an fheiste lipéadaithe **A** ar dheis.

Cuir isteach an tsiombail don fheiste **A** agus sa tslí sin **slánaigh** an ciorgad chun go bhfuaimneodh an dordánaí dá ndúnfaí an lasc.




Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)

- (e) Sa léaráid taispeántar maighnéad ar crochadh gan bhac ó sheastán adhmaid. Comhlánaigh na ráitis thíos agus bain úsáid as an bhfocal ceart ón liosta ar dheis i ngach cás.

Nuair a thugtar **pol thuaidh** maighnéid eile **cóngarach do phol thuaidh** an mhaighnéid atá ar crochadh \_\_\_\_\_ siad a chéile.

Nuair a thugtar **pol theas** maighnéid eile **cóngarach do phol thuaidh** an mhaighnéid atá ar crochadh \_\_\_\_\_ siad a chéile.



**Éarann  
Aomann**

Don  
scrúdaitheoir  
amháin  
(1) | (2)


- (f) D'fhéadfáí **fuinneamh núicléach** a úsáid chun ganntanas fuinnimh na hÉireann a réiteach. Tabhair **buntáiste amháin** agus **míbhuntáiste amháin** atá ag fuinneamh núicléach.

**Buntáiste** \_\_\_\_\_

**Míbhuntáiste** \_\_\_\_\_


- (g) Sa léaráid taispeántar ga solais atá ag lonrú ar scáthán plánach i bpeireascóp.

Comhlánaigh an chonair a thóg an ga sa léaráid.



- (h) Taispeántar toisí bloc miotail ar dheis.

Is é 21 g an mhais atá sa bhloc miotail.



Scríobh an litir **V** in aice leis an **toirt** atá sa bhloc.

Scríobh an litir **D** in aice le **dlús** an bhloic.

	<b>8 cm<sup>3</sup></b>
	<b>10 cm<sup>3</sup></b>
	<b>2.1 g cm<sup>-3</sup></b>
	<b>210 g cm<sup>-3</sup></b>

$(7 \times 6 + 1 \times 10)$

## Ceist 8

(39)

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

- (a) Aistrítear teas i slite difriúla.

I ngach cás bain úsáid as focal ón liosta ar dheis chun gach abairt faoi seach thíos a chomhlánú i gceart. (9)

Gluaiseann teas trí sholaíd le \_\_\_\_\_.

Seoladh  
Comhiompar  
Radaíocht


(1) (2)

Gluaiseann teas trí leachtanna agus trí gháis le \_\_\_\_\_.

Gluaiseann teas ón nGrian go dtí an Domhan le \_\_\_\_\_.

- (b) Sa líníocht tá gaireas liathróide agus fáinne.

Nuair atá an liathróid agus an fáinne fuar, téann an liathróid tríd an bhfáinne ar éigean.



Nuair a dhéantar an liathróid a théamh, ní théann sí tríd an bhfáinne fuar.

Cén chonclúid a bhainfeá as an turgnamh seo? (6)


\_\_\_\_\_

Cad a tharlódh, dar leat, dá ndéanfaí an liathróid a fhuarú arís? (3)

\_\_\_\_\_

- (c) I bhfiosrú chun an tionchar a bhí ag an téamh ar gháis a fheiceáil, rinne mac léinn fleascán a théamh le triomadóir gruaige mar a thaispeántar sa léaráid.

Cén rud a mbeifeá ag súil leis a chonaic an mac léinn, nuair a rinneadh an fleascán a théamh? (6)




\_\_\_\_\_

Tabhair cúis le do fhreagra. (3)

\_\_\_\_\_

- (d) Rinne mac léinn an turgnamh seo a leanas a leagan amach chun fiosrú a dhéanamh ar an tslí a dtaistealaíonn fuaim tríd an aer.  
Cuireadh cloigín leictreach laistigh den chlogad mar a thaispeántar sa léaráid.



Bhí an cloigín ag bualadh agus bhí sé le cloisteáil go soiléir.

Nuair a cuireadh an caidéal ar siúl, thosaigh sé ag caidéalaí an aeir amach as an gclogad agus cruthaíodh folús.

Faoin am sin, ní fhéadfaí an cloigín a chloisteáil feasta ach d'fhéadfaí é a fheiceáil fós ag bualadh.

- (i) Cén chonclúid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfiosrú seo? (6)

---

---

- (ii) Nuair a caidéalaíodh an t-aer amach, d'fhéadfaí an cloigín a fheiceáil fós, cé nach bhféadfaí é a chloisteáil.  
Cén difríocht idir an solas agus an fhuaim a thaispeánann sé seo? (3)

---

---

- (iii) I rith stoirm leictreach,  
feictear an tintreach de ghnáth  
sula gcloistear an toirneach.

Cad a insíonn sé seo dúinn  
faoi solas agus faoin bhfuaim? (3)



---

---

Ceist 9

(39)


- (a) Rinne mac léinn an ciorcad sa líníocht thíos a leagan amach **chun fiosrú a dhéanamh ar an ngaol idir difríocht poitéinsil (voltas), sruth agus friotaíocht seoltóir sreinge.**

Tá bearnaí fágtha sa léaráid sna háiteanna ar chóir **an t-aimpmhéadar agus an voltmhéadar** a chur.

Tugtar na siombailí do na feistí seo ar dheis.


**Slánaigh** an ciorcad agus **cuir isteach na siombailí** don aimpmhéadar agus don voltmhéadar ina **suímh chearta.**

(6)



Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)




- (b) Bhain an mac léinn úsáid as an soláthar voltaís inathraithe chun voltaís dhifriúla a fheidhmiú trasna an fhriotóra. Thomhais sí an voltas trasna an fhriotóra agus an sruth a bhí ag taisteal tríd roinnt uaireanta. Bhailigh sí na sonraí seo a leanas.

Voltas (V)	0	2	4	6	8
Sruth (A)	0	0.5	1.0	1.5	2.0

**Tarraing graf**

den voltas (y-ais)  
i gcoinne an tsrutha (x-ais)  
sa ghreille ar dheis.



**Cén chonclúid** is féidir leat a bhaint as an ngraf, **faoi ngaol idir an difríocht poitéinsil (voltas) agus an sruth** atá ag gabháil tríd an seoltóir sreinge ? (3)

(c) Tá ceithre phláta theo ar chócaireán leictreach.

Is é 7 kW an grádú iomlán cumhachta atá ag na ceithre phláta theo. Úsáidtear na ceithre cinn díobh ar feadh 2 uair an chloig gach lá.



Cé mhéad aonad leictreachais (kWh) a úsáidtear i seachtain amháin? \_\_\_\_\_

Má chosnaíonn aonad leictreachais 11 cent an t-aonad

cé mhéad a chosnaíonn sé sin? \_\_\_\_\_ cent (9)

(d) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar an tslí a ndéanfá turgnamh a chur i gcrích chun a thaispeáint **go dtáistealaíonn solas i línte díreacha**.

Bain úsáid as na ceannteidil thíos. (12)

Trealamh: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Nós imeachta: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Toradh: \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Léaráid lipéadaithe

Don  
scrúdaitheoir  
amháin  
(1) (2)

## SPÁS D'OBAIR BHREISE

Taispeáin go soiléir uimhir na (g)ceiste(anna), agus an chuid, atá á (bh)freagairt agat.

Don  
scrúdaitheoir  
amháin

(1) (2)

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---